

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo? What did you do this week?
Bhí mé ag ... *I was at ...*
Chuaigh mé go (dtí an) ... *I went to (the) ...*
Chonaic mé ... *I saw ...*
D'ith mé ... *I ate ...*
2. Ar thug tú cuairt ar aillte mara riamh, Did you ever visit sea cliffs, in Ireland or
in Éirinn nó in áit eile? elsewhere?
3. An cuimhin leat aon áit a thaitin go Do you remember any place that you
mór leat agus tú ag fás aníos? really liked as you were growing up?
4. An bhfuil áit faoi leith ar mhaith leat Is there any particular place you'd like to
cuairt a thabhairt air lá éigin? visit some day?

Aillte – Sliabh Liag (TG4)

Cliffs – Slieve League (TG4)

1. Tá cuma bhuan orthu, nach bhfuil? They have a permanent look to them, don't they?
2. Ag éirí ón fharraige mar a bheadh ballaí ársa a tógadh le seasamh go deo. Rising from the sea as if ancient walls built to last forever.
3. Táimid trí mhíle míle as *America* (Meiriceá). We are three thousand miles from America.
4. As an Atlantach Thuaidh tarlaíonn go leor stoirmeacha. From the North Atlantic a lot of storms happen.
5. Agus sin an fáth go bhfuil an áit seo agus na haille chomh drámatúil. And that's the reason that this place and the cliffs are so dramatic.
6. Tá na huirlisí uilig atá de dhíth ar an Atlantach le tabhairt faoin obair thogála seo uilig aige. The Atlantic has all the tools it needs to undertake all this construction work.
7. Aigéan mór fairsing lena neart láidir agus foighid leis an neart sin a chuir ag obair arís is arís eile. A big wide ocean with its powerful strength and patience to put that strength to work again and again.
8. Ní shílfeá é, ach is rudaí soghonta iad na haille. You wouldn't think it, but the cliffs are vulnerable things.
9. Ní hé go n-aithneodh mo shin-shean-sheantuismitheoir cruth an cósta seo inniu. My great-great-grandparents wouldn't recognize the shape of the coast today.
10. Tá cruacha mara tagtha agus imithe ó shin. Cuanta snoite, cinn tíre briste. Seas stacks have come and gone since then. Harbors carved, headlands broken.
11. Má thagann tú anseo minic go leor, inseoidh na haille a rún duit. If you come here often enough, the cliffs will tell their secret to you.
12. Níl siad buan seasmhach ar chor ar bith, ach ag síor-athrú an t-am ar fad. They aren't ever permanent at all, but continually changing all the time.
13. Tugann siad *tafoni* ar an cheann seo creimeadh. They call this erosion *tafone*.

- | | | |
|-----|--|--|
| 14. | Is é an ghaoth agus an baiste a dhéanann é. | It's the wind and the rain that makes it. |
| 15. | Is gaineamhchloch é seo atá brúite agus athraithe agus anois is <i>schist</i> (siosta) é. | This is sandstone that is squeezed and changed and is now <i>schist</i> . |
| 16. | Léiríonn sé nach maireann aon rud ach seal. Ach go háirithe cois chladaigh. | This shows that nothing lasts but a while. Especially by the shore. |
| 17. | Tá téarma Laidin ann, <i>pareidolia</i> . | There is a latten term, <i>pareidolia</i> . |
| 18. | Sé sin cruthanna a fheiceáil i rudaí – carraigeacha, scamail, cineál sin de rudaí. | That is seeing shapes in things – rocks, clouds, that kind of things. |
| 19. | Beochain a bhí sna carraigeacha seo, do mo shúile óige, na cruthanna ag athrú os comhair mo shúile. | These rocks were animations for my young eyes, the shapes changing before my eyes. |
| 20. | Dúinne, ní ar Mount Rushmore a bhí George Washington greanta i gcloch, ach ar Shliabh Liag 's againne. | For us, George Washington wasn't engraved in stone on Mount Rushmore, but on our own Slieve League. |
| 21. | Agus ansin, tá Cathaoir an Athaig. Troscán ró-mhór. | And then there's the Giant's Chair. Oversized furniture. |
| 22. | Agus bhí an té a bheadh ina shuí ann beo go leor i dtromluí m'óige. | And the one would be sitting there alive enough in the nightmare of my youth. |
| 23. | Deasc, rí-chathaoir, áit a d'fhéadfadh <i>Colossus</i> ársa amharc amach ar a ríocht farraige agus carraigeacha. | A desk, a throne, a place where an ancient Colossus could look out on it's kingdom of sea and rocks. |
| 24. | Mar pháiste, ní raibh gá ar bith agamsa le scannáin <i>science fiction</i> (ficsean eolaíochta). | As a child, I didn't have any need for science fiction movies. |
| 25. | Thug na hailte domh an t-iontas uilig a bhí uaim. | These cliffs gave me all the wonder I needed. |
| 26. | San ardeaglais carraigeacha seo, shamhlaigh mé cathanna, troideanna claímh agus coimhlintí coraíochta. | In this rock cathedral, I imagined battles, sword fights and wrestling competitions. |
| 27. | Seanchas scríofa i gcloch. | Oral history, written in stone. |

Ceisteanna

Questions

- | | |
|---|---|
| 1. Cén chuma atá ar na haille? | What do the cliffs look like? |
| 2. Cé chomh fada ó Mheiriceá is atá na haille? | How far from America are the cliffs. |
| 3. Cad a tharlóidh má thagann tú go dtí na haille minic go leor? | What will happen if you go the cliffs often enough? |
| 4. Cén fáth go ndeir an láithreoir gur rudaí soghonta iad na haille? | Why does the presenter say that the cliffs are vulnerable things? |
| 5. Cad a dhéanann <i>tafoni</i> . | What makes <i>tafoni</i> . |
| 6. Cad is ciall le <i>pariedolia</i> ? | What is the meaning of <i>pareidolia</i> ? |
| 7. Cén chuma atá ar Chathaoir an Abhaic? | What does the Giant's Chair look like? |
| 8. Cén fáth nach raibh scannáin ficsein eolaíochta de dhíth ag mo dhuine agus é óg? | Why didn't you man need science fiction movies when he was young? |
| 9. Cad a shamhlaigh sé agus é ag breathnú ar na haille? | What did he imagine as he looked at the cliffs? |
| 10. An bhfuil aillte mara gar duitse? | Are there sea cliffs near you? |